ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

# LÁ NÁISIÚNTA THAIRSEACH NA NEALAÍON SAN OIDEACHAS 2022

**I gcomhpháirtíocht le Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Scoil na hEalaíne agus Deartha agus Conservatoire an Cheoil agus na Drámaíochta agus Tionscadal Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta Múinteora-Ealaíontóra (I-TAP-PD) PD Erasmus+**

**Dé Sathairn, an 5 Samhain 2022**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Scoil na hEalaíne & Deartha**
**artsineducation.ie**

## Clárú, Tae agus Caife — Am 9:15am - 9:45am


## Aitheasc Fáilte don Oscailt — Am 9:45am - 10:00am


John Walsh

### Aitheasc Fáilte

Aitheasc fáiltithe le John Walsh, Ceannaire Scoil na hEalaíne agus Deartha in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is Dearthóir Troscáin agus Táirgí é John a bhfuil roinnt gradam deartha idirnáisiúnta agus roinnt Gradam ó Institiúid na nDearthóirí in Éirinn buaite aige. Bhunaigh sé CreateLAB, saotharlann taighde don dearadh feidhmeach, in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

## An Chéad Seisiún — Am 10:15am – 11:05am


Brian Cregan

### Cur i láthair & Plé
**'The Glass Garden/An Gairdín Gloine' – Machnamh**


Roinnfidh Grianghrafadóir/Ealaíontóir Brian Cregan roinnt léargas óna chónaitheacht ag obair i gcomhar le leanaí agus le daoine óga i limistéar Ghráinseach Ghormáin mar chuid de Thogra Ealaín Phoiblí Ghráinseach Ghormáin 'The lives we live' i gcomhpháirtíocht le Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a dhírigh ar théamaí aitheantais agus muintearais.


Vera McEvoy


Breeda Kenny

### Cur i láthair & Plé
**Sraith na bhFaighteoirí Dámhachtana Doiciméadaithe: Tionscadal Finding a Common Thread/Snáithe Coitianta a Aimsiú I-TAP-PD**

Déanann faighteoirí Dámhachtana Doiciméadaithe Thairseach 2022, an t-amharc-ealaíontóir Vera McEvoy agus an múinteoir Breeda Kenny, a dtaithí a roinnt ar an Tionscadal Erasmus+ I-TAP-PD darb ainm 'Finding a Common Thread' i gcomhar le daltaí rang a 6 i Scoil Náisiúnta Naomh Cillian, Mullach, Co. an Chabháin.


Stephen Brennan

### Ceardlann Chruthaitheach
**Iniúchadh ar Thábhacht an Damhsa**

Buail le Stephen Brennan, damhsóir agus Oifigeach Oideachais Ballet Ireland, san fhiosrúchán praiticiúil seo ar an tábhacht a bhaineann leis an damhsa chun féinmhothú agus forbairt chognaíoch a fheabhsú. Fiosraigh na bealaí is féidir leis an damhsa a bheith ina bhealach isteach ildisciplíneach chun foirmeacha ealaíne iomadúla, amhail ceol, drámaíocht agus na hamharc-ealaíona, agus ina uirlis foghlama ar féidir leis an fhoghlaim maidir le hábhair eile a fheabhsú amhail mata, tíreolaíocht, agus teangacha.

## An Dara Seisiún — Am 11:15am - 12:05pm



Adam Stoneman

### Cur i láthair agus Plé

**The Ride Away from the Storm/ An Turas Amach ón Stoirm: Léiriú Saoránaigh le Daoine Óga atá i gCoimhlint leis an Dlí.**

Éist le Taighdeoir Tionscadail IMMA SPICE Adam Stoneman agus taispeántas á phlé aige le gairid le daoine óga ó Ionad Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh, ina roinneann na rannpháirtithe a ndearcthaí níos lárnaí trí 'léiriú saoránaigh' - ag athrú cothromaíocht na cumhachta agus próisis idirghabhála.



Sarah Ryan



Yvonne O'Meara



Fiona Linnane

### Cur i láthair & Plé

**Sraith na bhFaighteoirí Dámhachtana Doiciméadaithe: Tionscadal BLAST & Braisle Cruthaithí Music Makes Me Happy/ Cuireann Ceol Áthas Orm**

Roinneann faighteoirí Dámhachtana Doiciméadaithe Thairseach 2022, príomhoide Sarah Ryan, múinteoir Yvonne O'Meara agus cumadóir Fiona Linnane a gcuid foghlama agus léargas ón Tionscadal BLAST & Braisle Cruthaithí Music Makes Me Happy/Cuireann Ceol Áthas Orm. Tionscadal comhoibritheach idir Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig do Chailíní agus Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig do Bhuachaillí i Luimneach.



Bríd Ní Raghallaigh



Jenny Buggie

### Ceardlann Chruthaitheach

**Seisiún an Iolraitheora I-TAP-PD**
**I – You – We/Mise – Tusa – Muidne**
**Leas a bhaint as Comhpháirtíocht Chruthaitheach le I-TAP-PD**

Cá bhfuilim leis seo agus cá bhfuil tusa? Conas a chruthaímid "muidne"? Glac páirt le Bríd Ní Raghallaigh agus Jenny Buggie, na Príomhéascaitheoirí leis an gComhpháirtíocht idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí (TAP) in Éirinn agus iad ag iniúchadh forbairt caidrimh trí rannpháirtíocht chruthaitheach i gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta Múinteora-Ealaíontóra (I-TAP-PD) Erasmus+.

## Tae & Caife — Am 12:15pm - 12:30pm

## Seoladh — Am 12:30pm - 1:00pm


Dr. Katie Sweeney

### Seoladh Phlean Straitéiseach Thairseach na nEalaíon san Oideachas: 2023 - 2027

Glac páirt le Cathaoirleach Choiste Eagarthóireachta Thairseach, an Dr Katie Sweeney, chun seoladh Phlean Straitéiseach na Tairsí nua 2023-2027 a cheiliúradh, a leagann amach na príomhchuspóirí don chéad chúig bliana do Thairseach na nEalaíon san Oideachas.

## Lón — Am 1:00pm - 2:00pm

## An Tríú Seisiún — Am 2:00pm - 2:50pm


Vera McGrath


Manja Eland


Sanja Krsmanović Tasić

### Cur i láthair
**Seisiún an Iolraitheora I-TAP-PD**
**'I - You - Me/Mise - Tusa - Muidne'**

Sa chomhchur i láthair seo ón gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí (I-TAP-PD), beidh Vera McGrath ón gComhpháirtíocht idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí in Éirinn (TAP) in éineacht le Sanja Krsmanović Tasić ó CEDEUM, an tSeirbia agus le Manja Eland ó Stichting Kopa, na hÍsiltíre chun fiosrú a dhéanamh ar an bhfoghlaim laistigh den Tionscnaíocht, Erasmus+ KA2 2020-2023.


Zoë Uí Fhaoláin Green


Emer Fallon


Darach Ó Murchú


Manuela Dei Grandi

### Cur i láthair & Plé
**The Hare's Nook/Cúinne an Ghiorria**

Cas leis an ealaíontóir Zoë Uí Fhaoláin Green, leis an scríbhneoir Emer Fallon, leis an oideoir Darach Ó Murchú agus leis an ealaíontóir Manuela Dei Grandi agus iad ag plé rudaí a foghlaimíodh ó 'Chúinne an Ghiorria (The Hare's Nook)', clár bunscoile dátheangach a ceapadh chun mothú maoirseachta agus nasc spraíúil a chothú idir an scoláire agus a thimpeallacht.



Evelyn Sorohan

### Ceardlann Chruthaitheach
**Réitithe Cruthaitheacha a Fhiosrú le hAthrú Aeráide tríd na hEalaíona agus Úsáid á Baint as Cur Chuige STEAM**

Sa cheardlann eispéireasach seo, tabharfaidh an tEalaíontóir agus an tOideoir Evelyn Sorohan cuireadh do rannpháirtithena bealaí a fhiosrú chun ealaíontóirí achothú chun fadhbanna timpeallachta a fhiosrú ar nós Athrú Aeráide. Tabharfar spreagadh do rannpháirtithe fadhbanna a réiteach, cruthú agus cumadh go comhoibríoch mar fhreagra ar thrí théama aeráide chun scileanna agus smaointe a fhágáil leo ar féidir a úsáid ina gcleachtadh.

## Comhrá — Am 3:00pm - 4:00pm


Dame Evelyn Glennie


Mark O'Brien

### An Bhantiarna Evelyn Glennie i mbun comhrá le Mark O'Brien

Cas leis an mBantiarna Evelyn Glennie, cnagcheoltóir aonair agus cumadóir, le haghaidh comhrá speisialta le Mark O'Brien, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Amharclann na Mainistreach.

Bhuaigh Dame Evelyn, atá ina cnagcheoltóir aonair agus ina cumadóir aonair, duais ag na Dámhachtainí GRAMMY faoi dhó, ainmníodh í do dhuais BAFTA, agus fuair sí an Polar Music Prize chomh maith le Companion of Honour agus bíonn sí ag taisteal ar fud na cruinne, ag seinm agus ag taifead leis na ceolfhoirne agus ensembles is fearr ar domhan. Tá sí aitheanta mar an chéad cheoltóir a choinnigh gairm bheatha lánaimseartha mar chnagcheoltóir aonair. Tá Evelyn bodhar freisin, agus le cúnamh óna céad mhúinteoir cnagcheoltóra, chuir sí barr feabhais ar a feasacht ar fhuaim go leibhéal ina gcuireann sí síos ar a corp mar 'sheomra athshondach'.

Tá os cionn 25 bliain taithí ag Marc O'Brien, Feidhmeannach Stiúrthóir Amharclann na Mainistreach, in earnálacha téatair agus cultúir níos leithne, mar cheannaire, éascaitheoir, aisteoir, dearthóir fuaime, riarthóir, agus mar stiúrthóir téatair. Ba é freisin, a threoraigh, a stiúir, agus a d'fhorbair obair in earnáil na hamharclainne óige, agus le Team Educational Theatre Company.

## Iomlánach — Am 4:00pm - 4:30pm

### Seisiún Iomlánach

Bí linn do sheisiún iomlánach faoi chathaoirleacht comhalta ó Choiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas.

## Taibhiú — Am 4:30pm - 4:45pm

### Taibhiú ceiliúrtha

Taibhiú ceiliúrtha chun an lá a dhúnadh - TBC

## Spás Súgartha — Am 10:00am - 3:00pm


Sarah FitzGibbon


Joanna Parkes

### Síodúil, Scríobach, Bog agus Sábháilte

Spás súgartha do rannpháirtíocht chéadfach agus tógáil clúide le Sarah FitzGibbon agus Joanna Parkes. Tugtar cuireadh do rannpháirtithe bualadh le Sarah agus le Joanna le linn an lae chun scíth a ligean, le haghaidh feasacht chéadfach agus comhchruthú cruthaitheach i spás sábháilte comhoibríoch.



# Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2022

#AiENatDay
#AiEPortal
@ArtsEdPortal_ie

Sonraí na n-íomhánna:
Clúdach Tosaigh: Le caoinchead Lorna Kavanagh, an tEalaíontóir Tunde Toth, Scoil Mhíchíl Naofa, Baile Átha Í, Co. Chill Dara.
Leathanach 5: Le caoinchead Róisín Loughrey, an tEalaíontóir Fiona Linnane, Scoil Bhríde Naofa, Luimneach.
Clúdach Cúil: Le caoinchead Lorna Kavanagh, an tEalaíontóir Tunde Toth, Scoil Mhíchíl Naofa, Baile Átha Í, Co. Chill Dara.
Seat Cinn: Bantiarna Evelyn Glennie, Friday Night Hijack, 2008.